

Buailimis le Ester ón Tansáin



AN TANSÁIN – COMHAD TÍRE

An áit a bhfuil an tír: Oirthear na hAfraice

Ainm oifigiúil: Poblacht Aontaithe na Tansáine

Bratach: 

Daonra: 55.6 milliún

Ionchas saoil: 65 bliain

Airgeadra: Scilling

Príomhchathair: Dodoma

Teangacha: Svahaílis, Béarla agus teangacha eile

Onnmhairí: Caife, tae, cadás, cnónna caisiú

Staitisticí ó Thuarascáil Bhliantúil Chúnadh Éireann 2018

Tá cónaí ar Ester Jerome Mtegule i sráidbhaile Lyenge, i réigiún Dodoma i lár na Tansáine. Sa bhliain 2011 bhuaigh Ester clár teilifíse réaltachta darb ainm Female Food Heroes.

Tá Ester 39 bliain d'aois. Tá a cúigear páistí agus a máthair ina gcónaí léi ar a feirm bheag.



Ester agus í ag obair ar a feirm

FÁSANN ESTER NA BARRA SEO A LEANAS:



Lus na gréine



Piseanna talún



Muiléad
(cineál gráin as a ndéantar plúr)



Sorgam
(cineál gráin as a ndéantar leite)

Buailimis le Ester ón Tansáin



Ba é Oxfam International, eagraíocht neamhrialtasach, a d'eagraigh an clár teilifíse Female Food Heroes. Thacaíomar leis faoi Chúnamh Éireann, an clár rialtais atá a reáchtáil againn.

Is iad na mná a dhéanann an-chuid den obair feirme i dtíortha bochta a bhíonn ag brath go mór ar an bhfeirmeoireacht, ach is minic nach ar an gcaoi chéanna a gcaitear le fir agus mná a bhíonn ag gabháil don fheirmeoireacht, go háirithe agus iad ag iarraidh a gcuid talún a cheannach.

DÉANTAR TRÍ RUD A CHEILIÚRADH AR AN GCLÁR TEILIFÍSE FEMALE FOOD HEROES:

- an ról tábhachtach atá ag feirmeoirí mná sa Tansáin,
- an gá go gcaithfí le mná ar an gcaoi chéanna a gcaitear le fir
- conas a bheith ag feirmeoireacht ar bhealach a bhaineann an leas is fearr as an talamh agus aire á tabhairt don timpeallacht ag an am céanna.

An bhliain a bhuaigh Ester Female Food Heroes, bhreathnaigh 25 milliún de mhuintir na Tansáine ar an gclár. Roghnaíodh Ester agus naonúr iomaitheoirí eile a shroich an babhta deiridh as measc 6,000 duine a chuir isteach ar an gclár. Lean an clár deichniúr feirmeoirí mná a bhí ag glacadh páirt i ngrodchúrsa (ar nós The X-Factor) inar thaispeáin siad a gcuid scileanna feirmeoireachta do chách agus inar fhoghlaim siad bealaí nua chun barra a fhás agus aire a thabhairt d'ainmhithe.

Ó roghnaíodh í mar bhuaiteoir an chláir, tá athrú mór tagtha ar shaol Ester. Bhuaigh sí tarracóir, agus ligeann sí ar cíós é le daoine eile ina pobal. Chomh maith leis sin, tá a cuid nósanna feirmeoireachta athraithe aici. Anois fásann Ester 75 mála sorgaim dheirg in aghaidh na bliana. Is féidir sorgam dearg a fhás gan mórán uisce. Roimhe sin, ba é an sorgam bán a bhíodh á chur aici – barr traidisiúnta an cheantair, a dteastaíonn a lán uisce uaidh – agus ní raibh d'fhómhar aici ach 5 mhála in aghaidh na bliana.

Baineann an-tábhacht leis an athrú sin mar gheall ar a laghad baistí a thiteann sa réigiún ina bhfuil cónaí ar Ester. Déanann Ester iarracht cabhrú le feirmeoirí eile sorgam dearg a chur. Faigheann daoine i bpobal Ester spreagadh óna scéal agus ón méid atá bainte amach aici mar bhuaiteoir Female Food Heroes.

